Toghchán Uachtaránachta na Fraince

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcéad bhabhta vótála de thoghchán uachtaránachta na Fraince. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. tacú le	a. *to trip someone up*
2. ceannaire na heite deise	b. *retirement age*
3. ballraíocht	c. *to endorse, support*
4. tuisle a bhaint as duine	d. *motivating*
5. a chuid a shaothrú	*to earn his living*
6. rud a chaitheamh in aer	e. *… will win (have the day)*
7. páirtí liobrálach	f. *membership*
8. aois scoir	g. *liberal party*
9. beidh an lá ag …	h. *to abandon something*
10. ag spreagadh	i. *the right wing leader*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cad a bhí le rá ag François Hollande?
2. Cad a rinne Emmanuel Macron sular bhunaigh sé an páirtí *En Marche!*?
3. Déan cur síos ar Emmanuel Macron.
4. An raibh Emmanuel Macron mórán chun tosaigh ar Marine Le Pen?
5. Cad iad na polasaithe atá ag Marine Le Pen?
6. Cad a bhí le rá ag John Maguire faoin gcéad bhabhta den toghchán?

Ceist 4 '....an t-iarrthóir...'
Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail seo thíos. Bain úsáid as na samplaí sa tábla chun cabhrú leat.

	guta	**consan**	**d, t**	**s**
ainmfhocail bhaininscneacha	an aois an Astráil	an fhilíocht an ghairm	an deirfiúr an tástáil	an tsráid an tsochraid
ainmfhocail fhirinscneacha	an t-athrú an t-aer	an bord an gluaisteán	an duine an teach	an samhradh an siopa

- uachtarán _____
- Frainc _____
- ceannaire _____
- domhan _____
- áit _____
- banc _____
- imirceach _____
- taobh _____
- coicís _____
- obair _____

Ceist 5 '…<u>beidh</u> sé ar an uachtarán is óige riamh ar an tír…'

A. Líon na bearnaí sa tábla leis an bhfoirm cheart den bhriathar san aimsir fháistineach.

	An cheist	**Na freagraí**
Abair	An ndéarfaidh tú…?	
Beir		Béarfaidh./Ní bhéarfaidh.
Bí	An mbeidh sé…?	
Clois		Cloisfidh./Ní chloisfidh.
Déan	An ndéanfaidh sibh…?	
Faigh		Gheobhaidh./Ní bhfaighidh.
Feic	An bhfeicfidh siad…?	
Ith		Íosfaidh./Ní íosfaidh.
Tabhair	An dtabharfaidh tú…?	
Tar		Tiocfaidh./Ní thiocfaidh.
Téigh	An rachaidh sí…?	

B. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá aige nó aici don deireadh seachtaine. Mar shampla:
An mbeidh tú ag staidéar an deireadh seachtaine ar fad?
An rachaidh tú amach le cairde?
An ndéanfaidh tú aon rud deas?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth a bhfuil aird an domhain ar thoghchán na Fraince?
2. Tá borradh tagtha ar ghluaiseacht na heite deise ar fud an domhain le cúpla bliain anuas. Cén fáth, dar leat?
3. Ar cheart d'Éirinn imeacht ón AE, mar a rinne an Ríocht Aontaithe? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
c	j	g	a	e	i	h	b	f	d

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Féach an script

Ceist 4

uachtarán	*an t-uachtarán*
Frainc	*an Fhrainc*
ceannaire	*an ceannaire*
domhan	*an domhan*
áit	*an áit*
banc	*an banc*
imirceach	*an t-imirceach*
taobh	*an taobh*
coicís	*an choicís*
obair	*an obair*

Ceist 5
A.

	An cheist	**Na freagraí**
Abair	An ndéarfaidh tú…?	Déarfaidh./Ní déarfaidh.
Beir	An mbéarfaidh siad…?	Béarfaidh./Ní bhéarfaidh.
Bí	An mbeidh sé…?	Beidh./Ní bheidh.
Clois	An gcloisfidh sí….?	Cloisfidh./Ní chloisfidh.
Déan	An ndéanfaidh sibh…?	Déanfaidh./Ní dhéanfaidh.
Faigh	An bhfaighidh tú…?	Gheobhaidh./Ní bhfaighidh.
Feic	An bhfeicfidh siad…?	Feicfidh./Ní fheicfidh.
Ith	An íosfaidh sé…?	Íosfaidh./Ní íosfaidh.
Tabhair	An dtabharfaidh tú…?	Tabharfaidh./Ní thabharfaidh.
Tar	An dtiocfaidh sibh…?	Tiocfaidh./Ní thiocfaidh.
Téigh	An rachaidh sí…?	Rachaidh./Ní rachaidh.

Nóta: Níor cheart forainm (**sé**, **sí**, etc.) a úsáid agus freagra dearfach nó diúltach á thabhairt ar cheist san aimsir fháistineach.

B. Gníomhaíocht chainte atá i gceist.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá Uachtarán na Fraince, François Hollande, ag iarraidh ar lucht vótála tacú le Emmanuel Macron, an t-iarrthóir sa Lár, agus diúltú do cheannaire na heite deise, Marine Le Pen. Dúirt Hollande go bhfuil ballraíocht na Fraince san Aontas Eorpach agus a háit sa domhan i mbaol.

Maolra M. Mac Donnchadha
Bhí vóta mór millteach sa bhFrainc[1] inné. 79% agus seo an té a bhain tuisle as na boic mhóra. Tríocha a naoi atá Emmanuel Macron. Má éiríonn leis, beidh sé ar an uachtarán is óige riamh ar an tír.

Tar éis a chuid a shaothrú le banc Rothschild, bhí sé ina Aire Rialtais ag François Hollande, ach chaith sé in aer é sin agus tá a pháirtí féin bunaithe aige, *En Marche!*, páirtí liobrálach ó thaobh geilleagair agus fíorbháúil leis an Aontas Eorpach. 8 milliún vóta a fuair Macron, 24%, chun cinn ar Marine Le Pen, a d'aimsigh 22%. 7.5 milliún vóta a fuair sise, an líon is airde fós ag an bhFronta Náisiúnta, atá ag iarraidh gearradh siar go mór ar imircigh ag teacht chun na Fraince, ag iarraidh leasú mór ar an AE agus reifreann faoi bhallraíocht san Aontas, agus ag iarraidh cearta an lucht oibre faoi uaireanta oibre agus aois scoir a chosaint.

John Maguire, Iriseoir, Páras
Tá rogha an-suimiúil ar fad, mar ar thaobh amháin, tá eite dheis an-láidir, ar nós Donald Trump, más maith leat. Agus, ar an taobh eile, tá an liobrálach, atá idirnáisiúnta agus atá fá choinne na hEorpa. Ach, sílim go mbeidh an lá ag Emmanuel Macron. Tá na páirtithe uilig go léir, na páirtithe traidisiúnta, uilig go léir ag spreagadh daoine le dul amach ag vótáil fá choinne Emmanuel Macron.

Faoi cheann coicíse a bheidh an vóta cinniúnach.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] Córas Chonnacht